# Ceacht 13:
# "I ndáiríre?"
# Ag freagairt do chaint daoine eile

**An cuimhin leat?**
Is ea?; Mar sin atá?; Abair leat!; Magadh atá tú?; A Mhaighdean!

**Feasacht teanga**
Aisfhreagraí (*backchannels*)

**Scileanna cumarsáide**
Éisteacht go gníomhach agus freagairt do chaint daoine eile

*Nóta: Tá an ceacht seo bunaithe ar fhíseán 13 den tsraith SnasTV Ros na Rún. D'fhéadfá na cleachtaí a dhéanamh i seomra ranga nó mar chuid den fhoghlaim neamhspleách, tar éis duit féachaint ar an bhfíseán.*

## A. An cuimhin leat?

San fhíseán a bhaineann leis an gceacht seo, feicimid go leor samplaí, i gcomhráite éagsúla ó Ros na Rún, den ghné thábhachtach sin den idirghníomhaíocht labhartha – aisfhreagraí. Is é sin na focail, frásaí agus fuaimeanna beaga a úsáidimid i gcomhráite le freagairt do chaint an duine eile. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí faoi na tascanna seo a leanas. Tá na tascanna bunaithe ar na comhráite ón bhfíseán.

### 1. Imelda ar an bhfón

Cad a chuireann Imelda in iúl leis na focail bheaga a úsáideann sí ar an bhfón?

Is ea? ____________________

Cé? ____________________

I ndáiríre? ____________________

Right! ____________________




© LÁRIONAD NA GAEILGE, OLLSCOIL MHÁ NUAD

## 2. David ag éisteacht go cúramach le Annette

Líonaigí na bearnaí leis na frásaí beaga a d'úsáid David le léiriú d'Annette go raibh sé ag éisteacht:

| | |
|---|---|
| **(An) mar sin é?** | **Fadhb ar bith!** |
| **Níl aon locht air sin** | **Abair leat!** |

Annette: Ó David, go raibh maith agat faoi chastáil liom.

David: ____________ Tá súil agam go bhfuil rudaí ceart go leor?

Annette: Ó, tá! Thar barr uilig! Tá deis iontach faighte agam.

David: ____________

Annette: Tá Charlie ag cuartú duine éicint le haire a thabhairt do Harry beag.

David: Ó, ____________

Annette: Is pian sa tóin í, ach, bhuel, íocann sí go han-mhaith. Agus, bhuel, d'íocfadh sé as turas scoile Phádraig.

David: ____________ is dóigh.

Annette: Níl.

## 3. Cleasa beaga sa chaint

Féachaigí ar an gcomhrá beag seo. Cén cleas a d'úsáid David chun tuilleadh eolais a mhealladh ó Laoise? Agus cén tslí ar thuig David nach raibh Laoise sásta leis an méid a dúirt sé?

Laoise: Micheál ag iarraidh orm castáil leis thíos ag an trá le haghaidh picnic'.

David: Picnic?

Laoise: Yeah, bhuel, sin an áit a raibh an chéad *date* ariamh againn. Tá an bodhrán ag iarraidh é a dhéanamh arís, cibé cén scal atá tagtha air.

David: Seans go gceapann Micheál go bhfuil sé rómánsúil.

Laoise: Rómánsúil mo thóin!

## 4. Frásaí deasa a bhí ag Cóilí Jackie

Cad is brí leis na frásaí seo:

'Sách maith acu!' ____________________________________________

'Cén scal atá ort?' ____________________________________________


© LÁRIONAD NA GAEILGE, OLLSCOIL MHÁ NUAD

5. **Caitríona agus Annette ag cúlchaint**

Féach ar an gcomhrá seo arís. Cad iad na frásaí a úsáideann Caitríona sa chomhrá chun an chuid is blasta den scéal a mhealladh ó Annette?

Conas a léiríonn Caitríona a dearcadh féin ar an scéal ag deireadh an chomhrá?

| | |
|---|---|
| Annette: | Is cosúil nach sibhse an t-aon bheirt atá ag briseadh an cheangail eadraibh. |
| Caitríona: | Cén sórt slabáil chainte í sin agat? |
| Annette: | Iad seo thuas. |
| Caitríona: | Magadh atá tú! |
| Annette: | Dáiríre atá mé. Nach bhfacthas an lá cheana ar an bportach iad le chéile agus iad 'an-chosy'! |
| Caitríona: | A Mhaighdean! |




© LÁRIONAD NA GAEILGE, OLLSCOIL MHÁ NUAD

## B. Feasacht teanga

### 1. Aisfhreagraí chun mothúcháin / dearcthaí a léiriú

(a) Bí ag obair leis an duine in aice leat go fóill agus féachaigí ar na haisfhreagraí seo thíos a bhí san fhíseán. Cén mothúchán nó dearcadh a léiríonn siad? Scríobh isteach sna boscaí cuí iad sa tábla thíos. Déan iarracht smaoineamh ar shamplaí breise le cur leo.




| Mothúchán nó dearcadh | Aisfhreagraí |
|---|---|
| Iontas | I ndáiríre?, Magadh atá tú!, Stopfaidh tú!,<br>A Dhia ár sábháil, Dia dár réiteach, Ná habair! |
| Amhras | |
| Bá | |
| Trua | |
| Easpa bá/ trua | |
| Spéis | |
| Tuiscint | |
| Comhaontú | |
| Easaontú | |
| Áthas do dhuine eile/ éad | |
| Éisteacht go gníomhach | |


© LÁRIONAD NA GAEILGE, OLLSCOIL MHÁ NUAD

## 2. Roghnaigh an t-aisfhreagra cuí

Roghnaígí aisfhreagra nó dhó ón liosta a chuir sibh ar fáil faoi cheist 1 thuas, a cheapann sibh a bheadh oiriúnach mar fhreagra ar na ráitis seo thíos:

| | |
|---|---|
| (a) Bhuail gluaisteán mo chat agus bhris sé a chos. | |
| (b) Thit an gadaí nuair a bhí sé ag teitheadh ó na Gardaí agus briseadh a chos. | |
| (c) Ní féidir liom an duine sin a fheiceáil. Bhris siad mo chroí! | |
| (d) Bhuaigh Cathy an lotto. | |
| (e) Tá Máire agus Jack ag briseadh suas tar éis 30 bliain. | |
| (f) Nach bhfuil a fhios agat gur sa teach seo a tógadh mise! | |
| (g) An sa chaifé atá tú? | |
| (h) Chuala mé gur briseadh as a phost é de bharr mí-iompair. | |
| (i) Tá tú ag breathnú iontach! | |


© LÁRIONAD NA GAEILGE, OLLSCOIL MHÁ NUAD

## C. Cumarsáid

1. **Rólghníomhaíochtaí**

   Tugaigí faoi na tascanna seo le chéile:

(a) Déanaigí bhur machnamh ar **lá iontach** a bhí agaibh in bhur saol. Glacaigí sealanna cur síos a dhéanamh ar an lá sin dá chéile. Bainigí úsáid as go leor aisfhreagraí chun a léiriú go bhfuil sibh ag éisteacht go cúramach agus go bhfuil sibh ag léiriú spéise i scéal an duine eile.

(b) Déanaigí bhur machnamh ar **lá deacair nó drochlá** a bhí agaibh in bhur saol. Glacaigí sealanna cur síos a dhéanamh dá chéile ar an lá sin. Bainigí úsáid as go leor aisfhreagraí chun a léiriú go bhfuil sibh ag éisteacht go cúramach agus go bhfuil bá agaibh leis an duine eile.

(c) Iarraigí **treoracha** ar a chéile, mar shampla – cá bhfuil an leithreas? / cá bhfuil an siopa is cóngaraí? / cá bhfuil an bhialann Iodálach sa bhaile seo? Glacaigí sealanna na treoracha a thabhairt dá chéile. Bainigí úsáid as go leor aisfhreagraí chun a léiriú go bhfuil sibh ag éisteacht go cúramach, agus chun a léiriú go dtuigeann/ nach dtuigeann sibh na treoracha.

(d) Déanaigí plean casadh le chéile le haghaidh **béile** oíche amárach. Ba cheart do dhuine amháin na socruithe ar fad a dhéanamh agus iad a mhíniú don duine eile. Ba cheart don duine eile glacadh leis na socruithe sin. Glacaigí sealanna na socruithe a insint don duine eile. Bainigí úsáid as go leor aisfhreagraí chun a léiriú go bhfuil sibh sásta/ míshásta leis na socruithe ar fad.

2. **Comharthaíocht choirp**

   Baineann muid úsáid as comharthaíocht choirp agus muid ag éisteacht le daoine eile agus chun cur leis na haisfhreagraí a bhíonn againn. Pléigí an chomharthaíocht choirp a bheadh i gceist sna comhráite sna rólghníomhaíochtaí thuas. Roghnaigí rólghníomhaíocht amháin thuas agus déanaigí arís í, ach an t-am seo bíodh an chomharthaíocht choirp chuí in úsáid agaibh.


© LÁRIONAD NA GAEILGE, OLLSCOIL MHÁ NUAD

## Treoracha agus freagraí samplacha ar na cleachtaí

## A. An cuimhin leat?

### 1. Imelda ar an bhfón

| | |
|---|---|
| Is ea: | Ag léiriú go raibh sí ag éisteacht. |
| Cé?: | Ag lorg tuilleadh eolais. |
| I ndáiríre: | Ag léiriú iontais. |
| Right: | Ag glacadh leis an méid a dúradh. |

### 2. David ag éisteacht go cúramach le Annette

| | |
|---|---|
| Annette: | Ó David, go raibh maith agat faoi chastáil liom. |
| David: | **Fadhb ar bith!** Tá súil agam go bhfuil rudaí ceart go leor? |
| Annette: | Ó, tá! Thar barr uilig! Tá deis iontach faighte agam. |
| David: | **Abair leat!** |
| Annette: | Tá Charlie ag cuartú duine éicint le haire a thabhairt do Harry beag. |
| David: | Ó, **(an) mar sin é?** |
| Annette: | Is pian sa tóin í, ach, bhuel, íocann sí go han-mhaith. Agus, bhuel, d'íocfadh sé as turas scoile Phádraig. |
| David: | **Níl aon locht air sin** is dóigh. |
| Annette: | Níl. |

### 3. Cleasa beaga sa chaint

David: athrá ar an bhfocal 'picnic' le tuilleadh eolais a mhealladh ó Laoise.
Laoise: athrá ar an bhfocal 'rómánsúil' lena chur in iúl nár aontaigh sí le David.

### 4. Frásaí deasa a bhí ag Cóilí Jackie

| | |
|---|---|
| 'Sách maith acu!' | *Good enough for them. / Serves them right.* |
| 'Cén scal atá ort?' | *What's wrong with you? / What are you on about?* |

### 5. Caitríona agus Annette ag cúlchaint

Úsáideann Caitríona na frásaí 'Cén sórt slabáil chainte í sin agat?' agus 'Magadh atá tú!' lena chur in iúl go bhfuil sí in amhras faoin méid atá á rá ag Annette, ach leis an gcuid is blasta den scéal a mhealladh ó Annette, mar sin féin!
Léiríonn sí a dearcadh féin ar an scéal ag deireadh an chomhrá leis an bhfrása 'A Mhaighdean'.

## B: Feasacht teanga

### 1. Aisfhreagraí chun mothúcháin / dearcthaí a léiriú

| Mothúchán nó dearcadh | Aisfhreagraí |
|---|---|
| Iontas | I ndáiríre?, Magadh atá tú!, Stopfaidh tú!, A Dhia ár sábháil, Dia dár réiteach, Ná habair! |
| Amhras | I ndáiríre?, Ní chreidim thú!, Tú cinnte?, Huh? |
| Bá | Tuigim duit, Mo ghraidhin thú |


© LÁRIONAD NA GAEILGE, OLLSCOIL MHÁ NUAD

| | |
|---|---|
| Trua | A chréatúir, a thaisce, a leanbh, a stór, Mo ghraidhin thú! |
| Easpa bá/ trua | Sách maith acu |
| Spéis | I ndáiríre, spéisiúil, wow |
| Tuiscint | Tuigim, ceart go leor |
| Comhaontú | Cinnte, Ceart go leor, Sách ráite, Is fíor dhuit! |
| Easaontú | Cén sórt slabáil chainte atá ort! |
| Áthas do dhuine eile/ éad | Nach aoibhinn (Dia) dhuit é, Nach méanar duit! |
| Éisteacht go gníomhach | Ab ea?, Abair leat, coinnigh ort, athrá, srl. |

**2. Roghnaigh an t-aisfhreagra cuí**

| | |
|---|---|
| (a) Bhuail gluaisteán mo chat agus bhris sé a chos. | Á, an créatúr! |
| (b) Thit an gadaí nuair a bhí sé ag teitheadh ó na Gardaí agus bhris sé a chos. | Ha, sách maith aige! |
| (c) Ní féidir liom an duine sin a fheiceáil. Bhris siad mo chroí! | Tuigim duit. |
| (d) Bhuaigh Cathy an lotto. | Magadh atá tú!/ Nach méanar di! |
| (e) Tá Máire agus Jack ag briseadh suas tar éis 30 bliain. | Stopfaidh tú! |
| (f) Nach bhfuil a fhios agat gur sa teach seo a tógadh mise! | An ea? / I ndáiríre? |
| (g) An sa chaifé atá tú? | Is ea. |
| (h) Chuala mé gur briseadh as a phost é de bharr mí-iompair. | Ná habair! / I ndáiríre?/ Magadh atá tú! / Sách maith aige! |
| (i) Tá tú ag breathnú iontach! | Stopfaidh tú! |

## C. Cumarsáid

**1. Rólghníomhaíochtaí**

Mar shampla:

(a) Lá iontach:
- Mo bhreithlá a bhí ann. Bhí mé trí bliana is fiche agus ní raibh aon rud eagraithe agam. Rinne gach duine dearmad ar mo bhreithlá agus ní bhfuair mé aon teachtaireacht nó glaoch teileafóin.
- Magadh atá tú!
- Dáiríre atá mé. Bhí mé ceangal!
- Tuigim duit!


© LÁRIONAD NA GAEILGE, OLLSCOIL MHÁ NUAD

- Ar mo bhealach chun an bhaile tar éis na hoibre, cheannaigh mé bia gasta dom féin le béile a bheith agam os comhair na teilifíse.
- A chréatúir!
- Nuair a leaindeáil mé sa bhaile, chonaic mé go raibh an fhuinneog oscailte. Bhí mé cinnte gur robáladh mé anuas ar gach rud eile.
- Stopfaidh tú!
- Shiúil mé isteach sa teach agus faitíos orm.
- Déarfainn é.
- Ach cad a bhí ann ach mo chuid cairde ar fad agus iad ag canadh ‘breithlá sona’. Baineadh stangadh asam.
- Dia ár sábháil!

**2. <u>Comharthaíocht choirp</u>**

Mar shampla: lámh ar an ngualainn le bá a léiriú, aghaidh ghruama le tuiscint a léiriú, an ceann a chroitheadh go brónach, na súile a oscailt le hiontas a léiriú.


© LÁRIONAD NA GAEILGE, OLLSCOIL MHÁ NUAD

# Ceacht 13: Script an fhíseáin "I ndáiríre?" Ag freagairt do chaint daoine eile

**Fáilte chuig SnasTV Ros na Rún. Ceacht 13: "I ndáiríre?" Ag freagairt do chaint daoine eile**

**Intreoir:**
Ar thug tú riamh faoi deara nach ionann an bealach a mbíonn muid ag labhairt agus ag scríobh sa Ghaeilge? Bíonn tréithe faoi leith ag baint leis an teanga labhartha, go háirithe agus muid i mbun comhrá.

Sa cheacht seo, caithfidh muid spotsolas ar ghné iontach tábhachtach den idirghníomhaíocht labhartha, is é sin, aisfhreagraí nó *backchannels.*

Seo na focail, frásaí agus fuaimeanna beaga a úsáideann muid i gcomhráite le freagairt do chaint an duine eile - *the little words, phrases and sounds we use to respond to each other in a conversation.*

Léiríonn na haisfhreagraí seo go bhfuil muid ag éisteacht, agus gríosaíonn siad an duine eile le coinneáil orthu ag caint. *These little words and sounds show the other person we're actually listening and they encourage them to keep going.*

Is féidir leis na frásaí beaga seo dearcadh a léiriú, freisin, ar an mhéid atá á rá, mar shampla, tuiscint, spéis, iontas, amhras, comhaontú, bá, trua … nó a mhalairt ar ndóigh. *These backchannels don't necessarily give new information, but they give the other speaker important feedback that we are interested, or surprised, or sympathetic to what they are saying.* Is cuid an-tábhachtach den chumarsáid iad, mar is iad na cleasa beaga seo a chuireann an 'comh' sa 'chomhrá'.

Tá na haisfhreagraí a bhíonn ag Imelda ar an ghuthán le cloisteáil go han-soiléir sa chomhrá beag seo.

**Mír físe 1: Imelda ag caint ar an bhfón**
Is ea.
Cé?
I ndáiríre?
Right. Beidh mé ann anois díreach.

Cé nach ndeir Imelda mórán, éiríonn léi an-chuid a chur in iúl trí na freagraí gearra a thugann sí sa chomhrá. Nuair a deir sí 'Is ea', léiríonn sí go bhfuil sí ag éisteacht. Is leor di 'Cé?' a rá le soiléiriú nó tuilleadh eolais a lorg faoin scéal. Is léir ón fhrása 'I ndáiríre?', *really*?, go bhfuil iontas uirthi faoin méid a dúradh, ach leis an bhfocal beag *Right*, tugann sí le fios go bhfuil sí ag glacadh leis, mar sin féin. *She manages to communicate a lot with just a few short words.*

Tá samplaí eile de na haisfhreagraí le feiceáil sa chomhrá seo a leanas, ina bhfuil Annette ag iarraidh dea-scéala a roinnt le David. Arís, ní deir David mórán, ach léiríonn a chuid freagraí gearra go bhfuil sé ag éisteacht, gan cur isteach mórán ar a cuid cainte.


© LÁRIONAD NA GAEILGE, OLLSCOIL MHÁ NUAD

**Mír físe 2: Annette ag roinnt dea-scéala le David**

Annette: David, go raibh maith agat faoi chastáil liom.
David: Fadhb ar bith. Tá súil agam go bhfuil rudaí ceart go leor.
Annette: Ó tá. Thar barr uilig. Tá deis iontach faighte agam.
David: Ó, abair leat!
Annette: Tá Charlie ag cuartú duine le haire a thabhairt do Harry beag.
David: Ó, an mar sin é?
Annette: Is pian sa tóin í ach, bhuel, íocann sí go han-mhaith, agus bhuel, d'íocfadh sé as turas scoile Phádraig.
David: Níl aon locht air sin, is dócha.
Annette: Níl.

Go minic is leor athrá ar fhocal nó frása atá ráite ag an chainteoir eile le freagairt don mhéid a dúradh, mar a chonaic muid cheana féin sa mhír bheag seo ó cheacht 9. Ní gá do David ach athrá ar an fhocal 'picnic' chun tuilleadh cainte a mhealladh ó Laoise, agus nuair a dhéanann Laoise athrá ar an fhocal 'rómánsúil', tá sí ag tabhairt le fios go han-neamhbhalbh cén dearcadh atá aici ar an mhéid atá ráite.

**Mír físe 3: Laoise agus David ag baint úsáid as an athrá**

Laoise: Micheál ag iarraidh orm castáil leis thíos ag an trá le haghaidh picnic'.

David: Picnic?

Laoise: Yeah, bhuel, sin an áit a raibh an chéad *date* ariamh againn. Tá an bodhrán ag iarraidh é a dhéanamh arís, cibé cén scal atá tagtha air.

David: Seans go gceapann Micheál go bhfuil sé rómánsúil.

Laoise: Rómánsúil mo thóin!

Ach an oiread le Laoise, baineann Cóilí Jackie úsáid as an athrá agus as an fhocal 'scal' lena léiriú do David nach bhfuil an ceart aige. Agus úsáideann sé frása deas 'sách maith acu' le heaspa trua a thaispeáint do Thadhg agus do Noreen.

**Mír físe 4: David agus Cóilí Jackie**

David: Bhuel, tá sé ina raic anois!
Cóilí Jackie: Sách maith acu!
David: A Chóilí, tá a fhios agam go bhfuilimid ag gáire faoi seo ar fad. Ach tá a fhios agam chomh maith go bhfuil díomá ort.
Cóilí Jackie: Díomá?
David: Mar gur chuir Noreen an dallamullóg ort, ag ligean duit a cheapadh go raibh *date* agat léi.
Cóilí Jackie: Cén scal atá ort? Nach é inniu an *date* is fearr a bhí agam le dhá scór bliain!

Is iomaí frása eile a úsáideann carachtair Ros na Rún lena léiriú go bhfuil frustrachas, amhras nó iontas orthu. Féach an bealach a bhfreagraíonn Annette agus Caitríona do chaint a chéile sa mhír ghearr seo agus iad ag cúlchaint!

**Mír físe 5: Annette agus Caitríona ag cúlchaint**

Annette: Is cosúil nach sibhse an t-aon bheirt atá ag briseadh an cheangail eadraibh.
Caitríona: Cén sórt slabáil chainte í sin agat?
Annette: Iad seo thuas?
Caitríona: Magadh atá tú!
Annette: Dáiríre atá mé! Nach bhfacthas an lá cheana ar an bportach iad le chéile agus iad an-chosy!


© LÁRIONAD NA GAEILGE, OLLSCOIL MHÁ NUAD

Caitríona: A Mhaighdean!

Is maith an rud go bhfuil daoine eile níos tuisceanaí ná Annette i Ros na Rún. Féach an bealach a bhfreagraíonn Vanessa do chaint Mháire sa mhír bheag seo le bá a léiriú.

**Mír físe 6: Vanessa ag léiriú bá le Máire**
Máire: …gur ag fáil bháis a bhí mé!
Vanessa: Tuigim duit!

Níl anseo ach roinnt samplaí ar ndóigh. Tá go leor frásaí eile a úsáideann daoine le spéis, iontas, bá, trua, amhras, comhaontú, fearg nó dearcthaí eile a léiriú.

Tabhair faoi deara as seo amach nuair a bheidh tú féin ag éisteacht nó ag glacadh páirte i gcomhráite, i nGaeilge nó i mBéarla, na bealaí a bhíonn ag daoine le freagairt do chaint a chéile. An tslí leis an 'comh' a chur sa chomhrá!

Más mian leat an script seo a fheiceáil nó tuilleadh cleachtaí a dhéanamh ar ábhar an cheachta, téigh go dtí snas.ie.

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
TG4
S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030 Ár dTeanga, Ár bPobal
Crannchur Náisiúnta


© LÁRIONAD NA GAEILGE, OLLSCOIL MHÁ NUAD